



## PREASEISIÚINT Uimh. 59/24

Lucsamburg, 22 Márta 2024

### Staitisticí breithiúnacha 2023: deimhniú go bhfuil méadú struchtúrach ar dhlíthíocht os comhair na Cúirte Breithiúnais

Áiríteofar cothromaíocht níos fearr san ualach oibre idir an dá dlínse le haistriú páirteach na dlínse réamhrialaithe ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta (dlínse a bhfuil a cumas méadaithe faoi dhó le blianta beaga anuas)

#### An Chúirt Bhreithiúnais

- Méadú ar líon na gcaingne díreacha** (caingne le haghaidh neamhniú agus caingne maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh, go háirithe i réimse an chomhshaoil) arna dtabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.
- Ba iad na ceisteanna i limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais (go háirithe ceisteanna a bhaineann leis an **gceart chun tearmainn**) na ceisteanna ba líonmhaire a tarchuireadh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú in 2023.
- Tionscnamh geografach na n-iarrataí ar réamhrialú:
  - Tharchuir cúirteanna na mBallstát uile, gan eisceacht, ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le bliain anuas, rud a léiríonn beogacht an idirphlé 'idir cúirt amháin agus cúirt eile';
  - Méadú ar líon na n-iarratas ó chúirteanna **na Bulgáire, na Polainne agus na Rómáine**.

#### An Chúirt Ghinearálta

- Sáraíodh an **tairseach de 20 000 cás a tugadh os comhair na Cúirte Ghinearálta ó cruthaíodh í** <sup>1</sup>.
- Go háirithe, tá méadú tagtha ar líon na gcásanna a bhaineann le réimse na maoine intleachtúil agus le réimse an bheartais eacnamaíoch agus airgeadaíochta (go háirithe an **dlí baincéireachta**).
- Méadú ar líon na gcásanna a dúnadh** agus **coinníodh fad na n-imeachtaí ar leibhéal sásúil** (18.2 mí ar an meán) a bhuí le bainistiú éifeachtúil cásanna agus leis na héifeachtaí a bhaineann le líon na mbreithiúna a mhéadú faoi dhó.
- Méadú ar líon na gcásanna a dúnadh le foirmíochtaí leathnaithe** de 5 bhreitheamh (123 cás, nó + 23 %).

Sa bhliain 2023, den chéad uair i stair na hinstiitíúide, sháraigh líon na gcásanna a tugadh os comhair an dá Chúirt an tairseach siombalach de 2 000. Áirítear leis an iomlán seo, áfach, sraith de 404 cás a tugadh os comhair na Cúirte

Ginearálta i mí Dheireadh Fómhair 2023, atá comhionann le chéile go bunúsach <sup>2</sup>. Mura gcuirtear na cásanna sin san áireamh, tá líon na gcásanna a tugadh os comhair an dá Chúirt fós an-ard, ach gar do líon na gcásanna sna blianta roimhe sin (1 710 in 2022 agus 1 720 in 2021).


**Dá bhrí sin, deimhníonn na figiúirí sin an treocht mhéadaitheach i líon na gcásanna a tugadh os comhair an dá Chúirt, treocht a tugadh faoi deara le deich mbliana anuas. Is méadú struchtúrach é seo, go háirithe os comhair na Cúirte Breithiúnais.**

Mar sin, idir 2014 agus 2018, cuireadh 723 chás ar an meán in aghaidh na bliana faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, agus 833 chás ar an meán idir 2019 agus 2023, meánmhéadú de 15 % (110 chás in aghaidh na bliana).

Maidir le líon na gcásanna ar déileáladh leo, bhí an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta in ann 1 687 chás san iomlán a dhúnadh in 2023, a chomhfhreagraíonn don mheán le blianta beaga anuas (1 667 chás in aghaidh na bliana idir 2019 agus 2022).

D'fhan líon na gcásanna ar feitheamh cobhsaí i gcomparáid le blianta roimhe sin (nuair nach gcuirtear na 404 chás comhionann a tugadh os comhair na Cúirte Ghinearálta, a luadh cheana, san áireamh).

### Forbairt ghinearálta ghníomhaíocht bhreithiúnach na hInstitiúide 2019-2023



| Forléargas               | 2019  | 2020  | 2021  | 2022  | 2023  |
|--------------------------|-------|-------|-------|-------|-------|
| Cásanna a tugadh isteach | 1 905 | 1 584 | 1 720 | 1 710 | 2 092 |
| Cásanna a dúnadh         | 1 739 | 1 540 | 1 723 | 1 666 | 1 687 |
| Cásanna atá ar feitheamh | 2 500 | 2 544 | 2 541 | 2 585 | 2 990 |

## An Chúirt Bhreithiúnais

Léiríonn staitisticí na bliana seo caite arís **nádúr leanúnach ghníomhaíochtaí na Cúirte Breithiúnais le blianta beaga anuas**. In 2023, cuireadh 821 chás faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, cúpla cás sa bheis ar líon na gcásanna a bhí i gceist in 2022, agus dúnadh 783 chás, líon atá cosúil leis na trí bliana roimhe sin. Ba é 16.1 mí meánfhad na n-imeachtaí, nuair a chuirtear na cineálacha cásanna éagsúla san áireamh, agus bhí 1 149 cás ar feitheamh ar an 31 Nollaig 2023.


Tá an briseadh síos de réir chineál na gcaingne cosúil tríd is tríd leis an mbriseadh síos sna blianta roimhe seo — is ionann tarchur chun réamhrialú agus achomhairc amháin agus níos mó ná 90 % de na cásanna go léir a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais. **Is forbairt shuntasach é an méadú ar líon na gcaingne díreacha**. Cé gur shroich líon na gcaingne díreacha leibhéal a bhí íseal go stairiúil in 2021, nuair nach raibh ach 29 cás nua ann, go deimhin, d'ardaigh líon na gcaingne díreacha go 60 sa bhliain 2023, méadú de níos mó ná dhá oiread. Is féidir an méadú sin a mhíniú mar gheall ar an méadú atá tagtha ar líon na gcaingne le haghaidh neamhniú (8 gcaingean arna dtabhairt in 2023 i gcomparáid le 2 chaingean in 2022), áit gur thionscain Ballstát amháin (an Pholainn) seacht gcaingean a anuraidh i gcoinne gníomhartha arna nglacadh ag reachtas an Aontais (i réimsí chosaint an chomhshaoil agus na héifeachtúlachta fuinnimh) agus mar gheall ar an méadú atá tagtha ar líon na gcaingne mar gheall ar a mhainneachtain Bhallstáit a oibleagáidí a chomhlíonadh : chinn an Coimisiún in 2023 roinnt nósanna imeachta comhthreomhara maidir le sárú a thionscnamh i gcoinne Ballstáit áirithe, go háirithe i réimse an **chomhshaoil**.

Maidir le réamhrialuithe, is i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais a bhí an líon is mó (82) ceisteanna a tarchuireadh chuig an gCúirt Bhreithiúnais in 2023, agus baineann a bhformhór le léiriú ar na rialacha maidir leis an gceart chun tearmainn agus leis an gcóras cosanta idirnáisiúnta. Mar a tharla in 2022, bhain go leor de na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú le réimsí an chánachais (53), le réimse na cosanta do thomhaltóirí (52) agus le réimse an iompair (40).

Gné shuntasach de mhíonna deiridh 2023 ba í an chaibidlíocht maidir leis an iarraidh reachtach ón gCúirt Bhreithiúnais ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle i mí na Samhna 2022 maidir le, ar an gcéad dul síos, **dlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta i sé réimse ar leith (cáin bhreisluacha (CBL), dleachtanna máil, cód custaim, rangú earraí de réir taraife san Ainmníocht Chomhcheangailte, cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás cead bordála a dhiúltú, moill a chur ar sheirbhísí iompair nó iad a chur ar ceal; chomh maith leis an scéim maidir le trádáil ar lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa)** agus, ar an dara dul síos, maidir le leathnú ar raon feidhme an tsásra, a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2019, trína gcinntídh an Chúirt Bhreithiúnais ar cheart cead a thabhairt d'achomharc i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta dul ar aghaidh.

Mar a luaigh Koen Lenaerts, Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *“Dá bhrí sin beidh an Chúirt Bhreithiúnais in ann díriú níos mó ar a cúraimí lárnacha mar chúirt bhunreachtúil agus uachtaracha an Aontais. Mar a tharla le blianta beaga anuas, bhí saincheisteanna íogaire i gceist leis an dlíthíocht a tugadh os comhair na Cúirte, amhail luachanna an smachta reachta a chosaint i gcomhthéacs athchóirithe breithiúnacha náisiúnta, beartas tearmainn agus inimirce, cosaint sonraí pearsanta agus cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta sa ré dhigiteach, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe agus saincheisteanna comhshaoil, fuinnimh agus aeráide.”*

Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Breithiúnais: cásanna a tugadh isteach, a dúnadh agus atá ar feitheamh (2019-2023)



| Forléargas               | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|--------------------------|------|------|------|------|------|
| Cásanna a tugadh isteach | 966  | 737  | 838  | 806  | 821  |
| Cásanna a dúnadh         | 865  | 792  | 772  | 808  | 783  |
| Cásanna atá ar feitheamh | 1102 | 1047 | 1113 | 1111 | 1149 |


Maidir le tionscnamh geografach na n-iarrataí ar réamhrialú a chuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais in 2023, ba cheart a thabhairt faoi deara tharchuir cúirteanna agus binsí **na mBallstát uile, gan eisceacht, ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais** le bliain anuas, rud a léiríonn beogacht an idirphlé ‘idir cúirt amháin agus cúirt eile’ a bunaíodh leis na Conarthaí.

Sa bhliain 2023, tarchuireadh an líon is airde iarratas ar réamhrialuithe ó chúirteanna **na Gearmáine (94), na Bulgáire (51), na Polainne (48), na hIodáile (43), na Rómáine (40), na Spáinne (32) agus na Beilge (30)**.

Maidir leis an bPolainn, is é líon na n-iarrataí ar réamhrialuithe a rinneadh in 2023 an líon is airde ó tháinig sí isteach san Aontas Eorpach 20 bliain ó shin, agus tá líon na n-iarrataí a rinne cúirteanna na Bulgáire in 2023 gar don líon is airde iarrataí a rinne na cúirteanna sin in 2021 (58 iarratas).

Is féidir an rud céanna a thabhairt faoi deara maidir le líon na n-iarrataí ar réamhrialuithe ón Rómáin. Tarchuireadh líon nach lú ná 40 iarratas faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais in 2023 ó chúirteanna na Rómáine líon atá cóngarach don bhuaicphointe a baineadh amach in 2019, nuair a tharchuireadh 49 iarratas faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais ón mBallstát sin.

## Cásanna arna dtarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ag cúirteanna na mBallstát (2023)



| BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | EN | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE | lomlán |
|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|----|--------|
| 30 | 51 | 12 | 5  | 94 | 4  | 2  | 6  | 32 | 19 | 4  | 43 | 1  | 15 | 6  | 2  | 18 | 2  | 21 | 23 | 48 | 13 | 40 | 6  | 8  | 5  | 8  | 518    |

### An Chúirt Ghinearálta

Sa bhliain 2023, tháinig an t-athchóiriú ar an gCúirt Ghinearálta lena méadaítear líon a breithiúna faoi dhó (Rialachán Uimh. 2015/2422) i bhfeidhm go hiomlán. Léiríonn Staitisticí breithiúnacha na Cúirte Ghinearálta torthaí an athchóirithe. Dhún an Chúirt Ghinearálta 904 cás i gcomparáid le 1 271 cás a tugadh (868 cás, nuair nach gcuirtear na 404 cás comhionann a tugadh os comhair na Cúirte Ghinearálta, a luadh cheana, san áireamh). Ina theannta sin, coinníodh meánfhad na n-imeachtaí ar leibhéal sásúil: 18.2 mí ar an meán, atá ina tháscaire de bhainistiú éifeachtúil cásanna.

Mar a thug Uachtarán na Cúirte Ghinearálta, Marc van der Woude, le fios, *"le linn na bliana 2023, lean an Chúirt Ghinearálta dá próiseas nuachóirithe, go háirithe chun feabhas a chur ar láimhseáil na gcásanna is faide agus is casta. Is fiú cur chuige réamhghníomhach agus sainoiriúnaithe ó thaobh leithdháileadh acmhainní agus pleanáil oibre de a úsáid leis na cásanna sin, cásanna i réimse an dlí eacnamaíoch agus airgeadais go hiondúil. Leis an gcur chuige sin, ina mbeidh ionadaithe na bpáirtithe rannpháirteach, laghdófar fad na n-imeachtaí agus freagrófar ar bhealach níos spriocdhírithe d'ionchais na bpáirtithe."*


Maidir leis na cásanna os comhair na Cúirte Ghinearálta, is féidir méadú a thabhairt faoi deara go háirithe i réimse na **maoine intleachtúla** (310 i gcomparáid le 270 in 2022) agus i réimse an bheartais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, réimse lena n-áirítear, go háirithe, **an dlí baincéireachta** (56 chás nua a thionscnaíodh in 2023). Thairis sin, bhí dlíthíocht maidir le bearta sriantacha mar chuid suntasach de ghníomhaíocht na Cúirte Ghinearálta, ach ar bhonn níos lú ná in 2022: tionscnaíodh 63 cás in 2023 i gcomparáid le 103 cás in 2022. Baineann formhór mór na gcásanna nua sa réimse seo (41 cás as 63 cás) le sraith beart sriantach a ghlac an tAontas Eorpach in 2022 i gcoinne daoine nádúrtha agus eintitis i gcomhthéacs na coinbhleachta idir an Rúis agus an Úcráin. Tugtar faoi deara chomh maith gur tionscnaíodh caingean nua in 2023 maidir le rialáil margaí agus seirbhísí digiteacha <sup>3</sup>.

Ina theannta sin, tá an treocht i dtreo méadú ar líon na gcásanna a dhúnann foirmíochtaí méadaithe de chúigear

breithiúna le sonrú, le 123 cás (+ 23 % i gcomparáid le 2022), arb ionann é agus beagnach 14 % de na cásanna uile a dúnadh. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur chuir an Chúirt Ghinearálta, ina suí di mar Mór-Dhlísheomra (15 Bhreitheamh) críoch le cás amháin (T-65/18 RENV, *Veiniséala v an Chomhairle*, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala).

Ina theannta sin, d'fhone an dlínse chun réamhrialú a thabhairt i nithe sonracha áirithe a aistriú go páirteach agus síneadh a chur leis an sásra trína gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais ar cheart cead a thabhairt d'achomharc i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta dul ar aghaidh, d'oibrigh an Chúirt Ghinearálta le linn na bliana 2023 ar na hathruithe riachtanacha ar a socruithe eagraíochtúla agus ar na rialacha nós imeachta a bheidh aici amach anseo.

### Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Ginearálta: cásanna a tugadh isteach, a dúnadh agus atá ar feitheamh (2019-2023)



| Forléargas               | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|--------------------------|------|------|------|------|------|
| Cásanna a tugadh isteach | 939  | 847  | 882  | 904  | 1271 |
| Cásanna a dúnadh         | 874  | 748  | 951  | 858  | 904  |
| Cásanna atá ar feitheamh | 1398 | 1497 | 1428 | 1474 | 1841 |

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

#### Fanaigí i dteagmháil linn!



<sup>1</sup> Le clárú Chás T-1148/23, *PAN Europe v an Coimisiún*, arna dtaisceadh an 8 Nollaig 2023.

<sup>2</sup> Baineann na caingne seo (T-620/23 go T-1023/23) le hathruithe ar an scéim pinsin fhorlíontaigh dheonaigh do chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa

<sup>3</sup> Thionscain triúr iarratasóir ceithre chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta cheana féin ag cur cinní a glacadh maidir le geatóir a ainmniú faoi dhíospóid: Cásanna [T-1077/23](#), *Bytedance v an Coimisiún* (Féach freisin, Preaseisiúint [Uimh.º 28/24](#)), T-1078/23, *Meta v an Coimisiún* agus T-1079/23 agus T-1080/23, *Apple v an Coimisiún*.